Díol molta maor tighearna

[McKenna, L.: *Dánta do chum Aonghus Fionn Ó Dálaigh*, Dublin 1919, poem 31]

1 Díol molta maor tighearna
ní maor so nach sogharma
fiú maor múir mo thighearna
na thaobh dúin ní dolabhra.

2 Tarla ar mo thaobh d'áiridhe
maor m'anma agus m'aodhaire
díol molta maor rí-nimhe
nach maor obtha aon-duine.

3 Maor nach eagal d'éiliughadh
an maor rathmhar rúin-iodhan
cuinne an mhaoir-se ar mínioghadh
i dtaobh daoirse an Dúiliomhan.

4 Maor uasal as oirdhearca
badh saor uadha ar n-anlochta
maor Dé as truma toirbhearta
badh é urra ar n-adhmholta.

5 Saor mo [chridhe] as chiontaighe
a mhaor [nimhe] as neartmhaire
[sídigh] crú an chígh [deagh-chroidhe]
don Rígh ós tú as teachtaire.

6 Gearr go mbear led bheoi-réir-se
tar ceann mo chean ndíomhaoin-se
saor ón fhuil as fhíor-uaisle
rem thaobh ruibh a río-mhaoir-se.

7 Guais leam neart na nua-chóra
fa cheann reacht an río-thaobha
sgaoil do chóir an chígh-shéala
fóir a mhaoir mo mhío-thaoma.

8 A thriath ná héisd m'oirbhire
mé le Dia go ndaingnighe
cnuasaigh daoibh do dheirbh-fhine
a mhaoir uasail ainglidhe.

9 Maor glórdha an dúin deagh-chrothaigh
mór mo shúil ré sheirc-bheathaidh
breath dhaor gé d'chí ar chiontachaibh
ní bhí claon na cheirt-bhreathaibh.

10 Ar siúr innill aobhdhai-ne
sirim iúl ar ógh-Mhuire
an réalta as [mhóir] míorbhuile
cóir do ghéanta a ghlóruidhe. DÍOL